Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026
(OR. en)

9496/26
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0111 (COD)**

PECHE 185
CODEC 959

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 198 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 198 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 198 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 198 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE


**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

## Iarscríbhinn II

1. Cuirtear Iarscríbhinní 12 agus 13 le Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leanas:

'IARSCRÍBHINN 12

**Scéimléaráid de dhorú siorca**




| EN | GA |
|---|---|
| Legend: | Eochair Eolais: |
| longline | spiléar |
| floatline | dorú snámhachta |
| shark line | dorú siorca |
| mainline | príomhlíne |
| snoods | snúdaí |

IARSCRÍBHINN 13

**Íoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta um láimhseáil shábháilte agus um scaoileadh beo**

Chun éifeachtúlacht agus áirgiúlacht na nDea-chleachtas Láimhseála agus Scaoilte arna nglacadh a uasmhéadú, cuirfidh na Ballstáit oideachas agus oiliúint ar fáil do chriú ó bhaill foirne cháilithe maidir leis na cleachtais sin go tráthrialta. Beidh léaráidí de dhea-chleachtais láimhseála agus scaoilte le fáil ar na soithí.

**Tús áite don tsábháilteacht:** Déanfar na híoschaighdeáin sin a mheas i bhfianaise na sábháilteachta agus na hinfheidhmitheachta don chriú. Tabharfar tús áite do shábháilteacht an chriú i gcónaí. Ar a laghad, caithfidh an criú lámhainní oiriúnacha agus seachnóidh siad a bheith ag obair gar do bhéal siorcanna.

**Bí ullamh:** Ullmhófar uirlisí roimh ré (e.g., canbhás nó crocháin eangaí, cloird ar mhaithe le hiompar nó ardú, eangach mór mogaill nó greille chun haistí/crannóga in iascaigh pheas-saighne a chumhdach, gearrthóirí a bhfuil hanla fada acu agus uirlisí bainte duáin in iascaigh spiléireachta, etc., a liostaítear ag deireadh an doiciméid seo).

**Moltaí ginearálta do gach iascach:**

• má tá sé sábháilte ó thaobh oibríochta de déanamh amhlaidh, an soitheach a stopadh nó a luas a laghdú go mór.

• i gcás ina bhfuil ainmhí i bhfostú (in eangach, i líne iascaireachta, etc.), an eangach/an líne a ghearradh go cúramach saor ón ainmhí, má tá sé sábháilte déanamh amhlaidh, agus é a scaoileadh chun na farraige a luaithe is féidir, gan aon fhostú i gceangal leis.

• más féidir, agus an siorc á choimeád san uisce, iarracht a dhéanamh fad an tsiorca a thomhas.

• chun greamanna a chosc, rud ar nós iasc nó bata mór / cuaille adhmaid, a chur sa ghiall.

• más rud é, ar chúis ar bith, go gcaithfear siorc a thabhairt ar an deic, an t-am a thógann sé é a chur ar ais san uisce a íoslaghdú chun marthanas a mhéadú agus chun rioscaí don chriú a laghdú.

• an siorc a thabhairt chomh gar don soitheach agus is féidir gan an iomarca teannais a chur ar an snúda ionas nach scaoilfidh duán scaoilte ná snúda briste, duán, meáchain agus codanna eile i dtreo na soithí agus an chriú ar ardluas.

• an taobh thall den phríomhlíne spiléir a dhaingniú den bhád ionas nach dtarraingeoidh aon trealamh atá fágtha san uisce ar an líne ná ar an siorc.

• i gcás ina bhfuil duán san ainmhí, agus ina bhfuil an duán le feiceáil sa chorp nó sa bhéal, úsáid a bhaint as uirlis bainte duáin nó gearrthóir boltaí a bhfuil hanla fada air chun an frídín duáin a bhaint, agus an duán a bhaint ina dhiaidh sin.

• i gcás nach féidir an duán a bhaint nó nach féidir an duán a fheiceáil, líne an riain a ghearradh (nó an snúda, an treoraí) chomh gar agus is féidir don duán (más féidir, a laghad de líne agus/nó ábhar treoraí agus is féidir a fhágáil agus gan aon mheáchan a bheith ceangailte den siorc).

• i gcás ina bhfuil sé in eangach peas-saighne: An eangach a shíneadh amach chomh fada chun tosaigh agus is féidir chun na siorcanna a fheiceáil go luath chun go mbeifear in ann freagairt go tapa. Gan iad a ardú san eangach i dtreo na hulóige meicniúla. Luas an tsoithigh a laghdú chun teannas na heangaí a mhaolú agus chun go mbeifear in ann an t-ainmhí atá i bhfostú a bhaint as an eangach. Más gá, úsáid a bhaint as clipéar chun an eangach a ghearradh.

• i gcás ina bhfuil siad i mbráille nó ar deic: Úsáid a bhaint as eangach lasta saintógtha mór-mhogaill nó crocháin chanbháis nó feiste den chineál céanna. Má chumasaítear amhlaidh le leagan amach an tsoithigh, d’fhéadfaí na siorcanna sin a scaoileadh freisin tríd an mbráille a fholmhú go díreach ar chrannóg agus trí rampa a

scaoileadh atá á choinneáil suas ar uillinn a nascann le bearna ar ráille na deice bairr, gan gá don chriú é a ardú nó a láimhseáil.

**Ná déantar an méid seo a leanas (gach iascach):**

• a mhéid is infheidhmithe, ná hardaítear siorcanna as an uisce ag baint úsáid as an snúda, go háirithe má tá duán iontu ach amháin más gá siorcanna a ardú chun speicis a shainaithint.

• ná hardaítear siorcanna trí shreanga nó cáblaí tanaí a úsáid, nó leis an eireaball amháin.

• ná buailtear siorc ar dhromchla ar bith, chun an t-ainmhí a bhaint den líne.

• ná déantar iarracht aon duán a bhogadh atá ionghafa go domhain agus nach bhfuil le feiceáil.

• ná déantar iarracht duán a bhaint trí tharraingt go géar ar an snúda.

• ná gearrtar an t-eireaball ná aon chuid eile den chorp.

• ná gearrtar poill ná ná tolltar tríd an siorc.

• ná geafáil ná ná ciceáil siorc, ná ná cuirtear lámha isteach sna scoilteanna geolbhaigh.

• ná nochtar an siorc don ghrian ar feadh tréimhsí fada.

• ná cuirtear méara ná lámha san eangach agus siorc nó roc á dtabhairt ar an mbád (d’fhéadfadh gortú tromchúiseach a bheith mar thoradh air).

**Uirlisí úsáideacha le haghaidh láimhseáil shábháilte agus scaoileadh sábháilte:**

• lámhainní (bíonn craiceann siorca garbh; áirithíonn lámhainní go ndéanfar siorcanna a láimhseáil go sábháilte agus go gcosnófar lámha an chriú ó ghreamanna)

• tuáille nó éadach (is féidir tuáille nó éadach fliuchta i sáile a chur ar shúile an tsiorca; a úsáidtear chun an siorc a shuaimhniú)

• uirlisí bainte duáin (e.g. uirlis bainte duán eireabaill muice, gearrthóirí boltaí nó gearrthóirí greamaire)

• úim nó sínteán siorcanna (más gá)

• rópa eireabaill (chun siorc a bhfuil duán ann a dhaingniú más gá é a bhaint as an uisce)

• píobán sáile (Má mheastar go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó ná 5 nóiméad ag teastáil chun siorc a scaoileadh, píobán a chur siar ina bhéal ionas go mbeidh an sáile ag sreabhadh isteach ann go measartha. Cinntigh go bhfuil caidéil deice ar siúl ar feadh roinnt nóiméad sula gcuirfear é i mbéal siorca)

• feiste tomhais (e.g., déan cuaille, treoraí agus snámhán a mharcáil, nó miosúr)

• bileog sonraí chun gach gabháil a thaifeadadh.

• trealamh clibeála (más infheidhme).’